An Aifric – Ar Feadh Seal

Tá deireadh leis an Samhradh
Tá deireadh leis an teas
Tá fáinleoga ag réiteach
Don turas mór ó dheas
Chuig an áit a mbeidh sé te is geal
An Aifric ar feadh seal.

"Céad slán go fóill le hÉirinn
Is an nead inar tógadh mé"
Sin a deir na fáinleoga
Is iad ag dul i gcéin
Chuig an áit a mbeidh sé te is geal
An Aifric ar feadh seal

Captaen na bhFáinleog:
"A fháinleoga, seo é bhur gCaptaen anseo
Is gearr go mbeidh muid ag fágáil talamh na hÉireann
Le heitilt na mílte míle i gcéin
Ár gceann scríbe – Deisceart na hAifrice!"

Fáinleoga a bheas ag teacht
Ar ais arís chuig an seanscioból
Fáinleoga a bheas ag filleadh
Ar an áit inar rugadh iad go hóg
Fáinleoga a fhillfeas ar ais
Leis an Samhradh geal, leis an Samhradh geal
Fáinleoga a fhillfeas ar ais arís ar Éirinn ó.

©1997 & 2004 – Ceol agus liricí – Tadhg Mac Dhonnagáin